# COMHAR

**LEABHAIRCOMHAR | COMHARÓG | COMHARTAIGHDE**

**PORTRÁIDÍ NA SCRÍBHNEOIRÍ GAEILGE**

47 SRÁID HARRINGTON, BAILE ÁTHA CLIATH 8 Guthán: +353 – 1 – 6751922 Ríomhphost: iriscomhar@gmail.com; leabhaircomhar@gmail.com; comhartaighde@gmail.com. Idirlíon: www.iriscomhar.com; www.leabhaircomhar.com; www.comhartaighde.com

---

Cathaoirleach: Cathal Goan Feidhmeannach Riaracháin agus Gnó: Elly Shaw

Stiúrthóirí: Cormac Breathnach, Kevin de Barra, An Dr Liam Mac Amhlaigh, Órla Ní Chuilleanáin, Ciara Ní Éanacháin, Muireann Ní Mhóráin, Paula Ní Shlatarra, Uaitéar Ó Ciaruáin, An Dr Gréagóir Ó Dúill, Fiachra Ó Marcaigh

---

# PORTRÁIDÍ NA SCRÍBHNEOIRÍ GAEILGE

www.portraidi.ie; portraidi@gmail.com; www.facebook.com/portraidi/; @Portraidi

Eagarthóir: An Dr Liam Mac Amhlaigh Bainisteoir tionscadail: Ursula Ní Choill Comhairleoir teicniúil & deartha: Ronan Doherty

**Tionscadal comhpháirtíochta idir COMHAR Teo. & Foras na Gaeilge**

***bunaithe ar phortráidí a ghlac* Máire Uí Mhaicín**

**www.portraidi.ie**

---

## PREASRÁITEAS: 22 MEITHEAMH 2016

Is mór ag **COMHAR** agus **Foras na Gaeilge** an searmanas seolta de leabhar eisceachtúil (*Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge*); agus láithreán gréasáin spleodrach (www.portraidi.ie) a fhógairt. Is é an tOllamh Declan Kiberd (Ollscoil Notre Dame) a chuirfidh an leabhar agus láithreán os comhair an phobail i Seomra na gColún, san Ospideál Rotunda i mBaile Átha Cliath anocht ar a 6pm.

Tionscadal eiseamláireach é **Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge** a dhéanann an Scríbhneoir Gaeilge a chomóradh agus a thugann ábhar grianghrafadóireachta den scoth i láthair an phobail. Sa chnuasach álainn lán-daite seo, foilsítear portráidí de 107 de na scríbhneoirí is aitheanta i saol na Gaeilge, idir údair liteartha agus scríbhneoirí acadúla, ar tógadh a bportráidí go digiteach idir 2009-2013, ag Máire Uí Mhaicín d'Fhoras na Gaeilge. Cuimsítear filí, úrscéalaithe, gearrscéalaithe, scríbhneoirí béaloidis, scríbhneoírí do pháistí, scoláirí léinn agus scríbhneoirí ó sheánraí liteartha eile. Cuirtear beathaisnéis agus, de réir mar a oireann, sliocht dá saothar go tánaisteach leo. Mar sin féin, tá béim faoi leith ar an bportráidíocht ealaíonta iontu a léiríonn daonnacht na scríbhneoirí céanna. Cuirtear réamhrá agus sleachta cuimhní cinn leis an leabhar freisin, agus tá

an láithreán gréasáin inchuardaithe ina áis luachmhar do shaol na Gaeilge anois agus sa todhchaí. Tá comhaid fuaime de chuid de na scríbhneoirí i mbun léitheoireachta ar a gcuid sleachta roghnaithe á gcur leis an láithreán gréasáin freisin chun gné na cartlainne a fhorbairt.

Foilseachán stairiúil i mbliain stairiúil atá ann; ceiliúradh ar an oidhreacht liteartha atá curtha ar fáil ag na scríbhneoirí seo don teanga, agus is cúis áthais do COMHAR gur scríbhneoirí iad ar foilsíodh ábhar lena bhfórmhór acu ar leathanaigh na hirise míosúla *Comhar* thar na blianta. Tionscadal ilchéimneach, ilbhliantúil atá i gceist le **Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge**. Sa chéad chéim den tionscadal cuirtear an leabhar agus an láithreán ar fáil bunaithe ar an gcartlann reatha. Sa dara céim den tionscadal, cuirfear portráidí dá bhfuil ann de scríbhneoirí eile na Gaeilge sna seánraí éagsúla leis an gcartlann seo go bliantúil chun an chartlann a iomlánú thar am.

Ceann de na tograí is tábhachtaí a cuireadh ar bun le déanaí i saol na Gaeilge é seo a thabharfaidh aitheantas ealaíonta don scríbhneoir agus a f(h)eidhm. Is i gcomhairle le teaghlach an ghrianghrafadóra, Máire Uí Mhaicín, a chuirtear an tionscnamh seo ós comhair an phobail. Beidh tuilleadh eolais faoi chéim 2 den tionscadal **Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge** á eisiúint i mí na Nollag 2016.

---

**Cúlra**

**COMHAR**
Príomhfhoilsitheoir náisiúnta na Gaeilge é **COMHAR** Teo., a fhoilsíonn iris mhíosúil liteartha na Gaeilge, *Comhar,* iris do léitheoirí iar-bhunscoile, **COMHAR*Óg***, iris acadúil phiarmheasta bhliantúil **COMHAR*Taighde*,** le hinphrionta leabharfhoilsitheoireachta, ***Leabhair*COMHAR,** agus tograí eile foilsitheoireachta idir lámha i saol na Gaeilge. Tá **COMHAR** buíoch de Fhoras na Gaeilge, de Chlár na Leabhar Gaeilge, den Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, d'Acadamh Ríoga na hÉireann agus den Chomhairle Ealaíon as a dtacaíocht leanúnach sna tograí seo.

**An grianghrafadóir: Máire Uí Mhaicín**
Léachtóir agus scríbhneoir ab ea Máire Uí Mhaicín, a shaothraigh ar an togra dúshlánach grianghrafadóireachta seo ar feadh roinnt blianta i ndiaidh di críoch a chur lena teagasc ar an tríú leibhéal. Bunaíodh an tionscadal seo ar na buanna a bhí ag Máire leis an teanga, leis an aithne agus eolas a bhí aici ar scríbhneoirí agus scríbhneoireacht na Gaeilge, agus ar an umar léinn a bhí aici ar gach gné de litríocht na Gaeilge thar cúpla céad bliain. Thuig sí ealaíon na portráidíochta agus conas mar a chuaigh an duine i bhfeidhm ar a bportráid agus a mhalairt.

**Foras na Gaeilge**
Faoi réir Chomhaontú Aoine an Chéasta bunaíodh An Foras Teanga, Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas, chun an Ghaeilge agus an Ultais a chur chun cinn. Faoi choimirce an chomhlachta sin, déanann Foras na Gaeilge na freagrachtaí go léir i dtaca leis an nGaeilge a chur i gcrích. I measc na bhfreagrachtaí sin tá labhairt agus scríobh na Gaeilge sa saol poiblí agus sa saol príobháideach i bPoblacht na hÉireann. Tá an fhreagracht chéanna ann i leith Thuaisceart Éireann, sa chás go mbíonn an t-éileamh cuí ann agus i gcomhthéacs Chuid III de Chairt Chomhairle na hEorpa um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh.

Foras na Gaeilge

Comhar

**Tuilleadh eolais**:
Elly Shaw, **COMHAR** Teo: (01) 675 1922, iriscomhar@gmail.com
Anna Davitt, **Foras na Gaeilge**: (01) 649 8400, 087 673 6175, adavitt@forasnagaeilge.ie